Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

OCG a mhúineadh thar an gcontanam na hiar-bhunscoile

Lá 1

Éascaitheoir:


CC BY NC

Balla Padlet

Acmhainní & Tacaíochtaí

padlet

Cláraigh lenár Liostaí Seoltaí: Oide.ie



- Bí ar an liosta seachadta again:
- Cláraigh
- Comhlánaigh an fhoirm agus cliceáil ar iar-bhunscoil
- Leathanach 2 – Cliceáil ar Fholláine

Forléargas dhá lá

Seisiún a hAon
Fios fátha an Oideachais
Caidrimh agus Gnéasachta

Seisiún a Ceathair:
Ag freagairt do cheisteanna scoláirí

Seisiún a Dó
Ón spás slán go spás cróga

Seisiún a Cúig
Ceacht múnlú



Seisiún a Trí
Ceacht OCG atá éifeachtach a phleanáil

Seisiún a Sé
Cur Chuige i leith machnaimh agus léiriú foghlama

Comharthaí



Comhrá



Briseadh is Breacadh



Obair i ngrúpaí



Athmhacnamh

Forléargas ar Lá 1

Seisiún 1 **9:15 - 11:00**	**Fios fátha an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta** • Polasaithe agus soláthar maidir le OCG • An cur chuige forbraíochta in OCG • Torthaí Foghlama OCG
11:00 – 11:15 **Sos**	
Seisiún 2 **11:15 – 13:00**	**Ón spás slán go spás cróga** • Spás cróga a chur ar bun • Ag freagairt do cheisteanna scoláirí • Comhráite measúla a éascú
13:00 – 14:00 **Lón**	
Seisiún 3 **14:00 – 15:45**	**Pleanáil le haghaidh OCG** • Aonad foghlama a dhéanamh • Cíoradh a dhéanamh ar acmhainní chun tacú le pleanáil • Díriú ar an struchtúr agus gnéithe de cheacht éifeachtach

Intreoirí

"Ainm agus Comhthéacs "



Bristeoir Oighir ...seo nó siúd?

Tae nó caife	Píotsa nó pasta	Císte cáise nó donnóg
Traein nó eitleán	Snámh nó rothaíocht	Baile Átha Cliath nó Corcaigh

Seisiún 1

Fios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta



CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

I gcaitheamh lá a haon den EFG seo:

beidh rannpháirtithe i mbun cuimhneamh ar fhios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta

pléifidh siad ‘ag bogadh ó spás slán go spás cróga’

féachfaidh siad ar an struchtúr is gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach

Fócas an tseisiúin seo

Beidh rannpháirtithe i mbun cuimhneamh ar fhios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta

- Soláthar le haghaidh OCG
- An cur chuige forbraíochta in OCG
- Torthaí Foghlama OCG

Tuairisc ar an athbhreithniú ar OCG

"Cuireann an CNCM síos ar OCG mar phróiseas curaclam-bhunaithe maidir le teagasc is foghlaim faoi na gnéithe cognaíocha, gnéithe mothúcháin, gnéithe fisiciúla, agus gnéithe sóisialta de chaidrimh agus de ghnéasacht. Tá sé ina aidhm aige an t-eolas, scileanna, dearcthaí, agus luachanna a thabhairt do dhaoine óga chun é a chur ar a gcumas féinfheasacht agus féinmheas a fhorbairt, chun dul in aithne ar a sláinte, a bhfolláine, agus a ndínit; chun caidrimh shóisialta agus caidrimh ghnéis a fhorbairt atá measúil dearfach; chun cuimhneamh ar conas a imríonn a roghanna tionchar ar a bhfolláine agus ar fholláine daoine eile; agus chun a thuiscint cad iad a gcearta agus a bhfreagrachtaí maidir leo féin agus le daoine eile."

Tuairisc ar an athbhreithniú ar OCG lch. 72, Nollaig 2019

Luachanna OSPS

Tá OSPS na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí bunaithe ar mheas, comhionannas, ionchuimsitheacht, freagracht, dínit, atrua agus comhbhá.

Mar eolas daoibh:
Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí, ba cheart gach ceacht a mhúineadh ar bhealach ina ndéantar aitheantais, caidrimh agus teaghlaigh LADTA+ a chur san áireamh agus a léiriú sa teagasc agus foghlaim, seachas aghaidh a thabhairt orthu i gceachtanna neamhspleácha.

Arna oiriúniú ó shonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí lch. 4 agus ó shonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí lch. 13

Cad atá le plé i ngach snáithe OCG?

OSPS An tSraith Shóisearach

“Déanann an snáithe seo iniúchadh ar ghnéithe cognaíochta, fisiceacha, mothúchánacha agus sóisialta de chaidrimh agus de ghnéasacht trí chur chuige dearfach, ionchuimsitheach atá bunaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí. Tá an bhéim ar chaidrimh teaghlaigh, ar chairdeas, ar chaidrimh rómánsúla agus ar chaidrimh ghnéis fhéideartha amach anseo.”

CNCM, 2023, lch.12

OSPS An tSraith Shinsearach

"Déanfaidh an scoláire iniúchadh sa snáithe seo ar an réimse leathan de chaidrimh atá tábhachtach ina shaol agus cuirtear béim ar leith ar an bhfeasacht, ar an eolas agus ar na scileanna a fháil chun tacú leo chun caidrimh mheasúla, chomhbhácha agus shláintiúla a chothú. Tugtar tacaíocht sa snáithe seo don scoláire chun caidrimh ina bhfuil míúsáid nó foréigean a aithint agus chun freagairt do na cásanna seo.

CNCM, 2024, lch.14

Cad atá le plé i ngach snáithe OCG?

Cad é an cur chuige teagaisc maidir le caidrimh a mholtar le haghaidh gach snáithe?

Tuairimí scoláirí ón OCG

Teastaíonn ó scoláirí go dtabharfaidh scoileanna OCG cuimsitheach, ábhartha, agus aoisoiriúnach i rith gach céim san oideachas

Ní theastaíonn ó scoláirí OCG a bheith dírithe go príomhá ar fhíricí bitheolaíochta agus OCG a dteipeann air deiseanna a thabhairt chun plé a dhéanamh ar na gnéithe mothúcháin a bhaineann le fás aníos agus cumadh caidreamh sláintiúil.





Teastaíonn timpeallacht shlán ionchuimsitheach ó scoláirí, áit ar féidir leo plé a dhéanamh agus bheith ag caint ar gach gné de OCG, agus ceisteanna a iarraidh.


Labhair na scoláirí ba shine faoin ngá a bhí acu le topaicí ón 'fíorshaol' a phlé go hoscailte agus go hionraic i gcomhthéacs cearta agus freagrachtaí, dearcthaí, agus luachanna.


Tuairisc ar an athbhreithniú ar OCG i bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, CNCM 2019


Soláthar le haghaidh OSPS


OSPS An tSraith Shóisearach	OSPS na hIdirbhliana	OSPS An tSraith Shinsearach
Solathraíodh scoileanna 100 uair thar 1ú, 2ú, agus 3ú bliain (agus soláthraítear i ngach ceann de na trí bliana é)	Is é fás pearsanta an ghné a bhfuil OSPS faoi. Ba cheart dó a bheith ar siúl uair sa tseachtain, gan an rang a bheith thar uair ar fad.	Ceapadh an tsonraíocht OSPS le haghaidh uaslíon de 60 uair thréimhse teagmhála an ranga thar an dá bhliain dheireaneacha in oideachas na Sraithe Sinsearaí le haghaidh idir ATF/ATB.
		

CFL1/CFL2


An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth
Cláir Foghlama Leibhéal 1
na Sraithe Sóisearaí
Ráiteas Cláir
Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)


An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth
Cláir Foghlama Leibhéal 2
na Sraithe Sóisearaí
Ráiteas Cláir
Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)


An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth
Clár Foghlama Leibhéal 1
den tSraith Shinsearach:
Cúram Pearsanta
Réimse Curaclaim
Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)


An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth
Clár Foghlama Leibhéal 2
den tSraith Shinsearach:
Cúram Pearsanta
Réimse Curaclaim
Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Oide

Cén fáth a bhfuil OCG chomh tábhachtach do dhaoine óga?

Cén fáth a bhfuil OCG chomh tábhachtach do dhaoine óga?

- Is é OCG a chuireann le heolas, tuairimí, agus scileanna daoine óga chun go bhféadfaidís roghanna eolasacha, sláintiúla a dhéanamh.
- OCG a thacaíonn le torthaí sláinte gnéis, lena n-áirítear toircheas ógántachta gan choinne.
- OCG a thacaíonn le hiompraíochtaí sábháilte, amhail úsáid mhéadaithe coiscíní agus frithghiniúna agus dul i riosca laghdaithe.
- OCG a chuireann le scileanna dea-chaidrimh, lena n-áirítear cumarsáid, teorannacha measúla agus bainistiú teorannacha.
- OCG a chuireann luachanna comhionannas inscne, cearta daonna, agus éagsúlacht chun cinn.

UNESCO: International technical guidance on sexuality education An evidence-informed approach (2018)
Comprehensive sexuality education: an overview of the international systematic review evidence (2023)

An réasúnaíocht taobh thiar den oideachas caidrimh agus gnéasachta ag leibhéal na sraithe sóisearaí

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina chuid lárnach den OSPS, agus nascann sé le gnéithe de.
Tá sé ríthábhachtach do dhaoine óga ag an tráth seo dá saol, agus iad ag déanamh machnamh ar cheisteanna ar nós ‘cén cineál duine atá ionam?’ agus ‘céard a theastaíonn uaim ó thaobh caidrimh de?’ Agus iad ag leanúint ar aghaidh lena bhféiniúlacht a fhorbairt, tá siad ag baint ciall as eispéiris saoil, eolas, íomhánna agus teachtaireachtaí faoi chaidrimh agus faoi ghnéasacht ó réimse foinsí neamhfhoirmiúla amhail comhscoláirí, a dteaghlaigh, na meáin, agus an t-idirlíon. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an deis acu machnamh a dhéanamh ar chaidrimh, gnéasacht agus léiriú sláintiúil gnéis, agus plé a dhéanamh ar na nithe seo laistigh de shuíomh sábháilte an tseomra ranga le múinteoirí oilte.

Sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí lch.4

An réasúnaíocht taobh thiar den oideachas caidrimh agus gnéasachta ag leibhéal na sraithe sinsearaí

Cuireann an fhoghlaim OSPS sa tSraith Shinsearach leis an bhfoghlaim OSPS sa tSraith Shóisearach, agus cuireann sé ar chumas an scoláire feabhas a chur ar na príomhscileanna d'fhéinfheasacht, d'fhéinbhainistíocht, de chinnteoireacht fhreagrach, d'fheasacht shóisialta agus ar na scileanna caidrimh.
Chomh maith leis sin, cuirtear an deis ar fáil in OSPS na Sraithe Sinsearaí don scoláire chun a scileanna ar inniúlacht sláinte a fheabhsú, agus é ag foghlaim cén chaoi chun eolas agus seirbhísí a bhaineann le sláinte agus folláine a fháil, a thuiscint, a mheas agus a úsáid agus cén chaoi chun a mhuinín a neartú chun cumarsáid a dhéanamh agus chun gníomhú bunaithe ar an eolas céanna.

Sonraíocht Oideachais, Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí lch 4

Machnaigh-Péireáil-Roinn

Conas atá OCG á éascú i do scoil faoi láthair?

Machnaigh

Conas? Cé?
Comhsheasmhacht?
Dúshláin?

Péireáil

Cosúlachtaí/Difríochtaí?
Cuir chuige atá éifeachtach?

Roinn

Cad a oibríonn i gcoitinne?



OCG: Torthaí Foghlama

OCG na Sraithe Sóisearaí

3.1	machnamh a dhéanamh ar na luachanna, iompraíochtaí agus scileanna a cabhraíonn le caidrimh a chothú, a choinneáil agus a chríochnú go measúil (cairde, teaghlach agus caidrimh rómánsúla/dhlúthphearsanta)
3.2	scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhfuil taithí ag daoine óga orthu i gcaidrimh éagsúla – cairdeas, caidrimh theaghlaigh, agus caidrimh rómánsúla/ dhlúthphearsanta
3.3	comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint
3.4	tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé teorainneacha sláintiúla a leagan síos i gcaidrimh idirphearsanta agus machnamh a dhéanamh ar conas meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile
3.5	machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt dá shláinte atáirgthe
3.6	tuiscint a fháil ar gach a bhfuil i gceist le gnéasacht an duine, agus ar an gcaoi a mbraitear agus a léirítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar bhealaí éagsúla
3.7	iniúchadh a dhéanamh ar na brúnna atá ann páirt a ghlacadh i gcaidreamh gnéis agus plé leis na bealaí chun meas a léiriú ar roghanna daoine
3.8	léirthuiscint a thaispeáint ar a thábhachtaí agus atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, ó chaidrimh chomhbhácha idirphearsanta a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil
3.9	míniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach níos sláintiúla le tagairtí do mhodhanna frithghiniúnacha agus do chosaint ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna)
3.10	plé a dhéanamh ar thionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de
3.11	a léiriú conas comhairle chuí agus iontaofa, tacaíocht agus seirbhísí a bhaineann le caidrimh agus sláinte ghnéis a fháil agus a mheas.

OCG na Sraithe Sinsearaí

Caidrimh shláintiúla	2.1 an fheasacht agus na scileanna a theastaíonn a thaispeáint, chun caidrimh shláintiúla ar bhonn pearsanta agus ar líne a chothú, lena n-áirítear meas a bheith aige ar theorainneacha daoine eile, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil, comhráite deacracha a bhainistiú, agus coimhlint a bhainistiú agus briseadh suas a láimhseáil 2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a dhearcthaí, a chreidimh, a luachanna agus a aitheantas agus na cinn atá ag daoine eile, tionchar a imirt ar dhinimic theaghlaigh, chairdis agus caidrimh rómánsúla 2.3: plé a dhéanamh ar an ngá le toiliú agus ar an tábhacht le cúram, meas, comhbhá, muinín agus comhphléisiúr laistigh de chaidreamh gnéasach.
Inscne, cultúr agus noirm shóisialta	2.4 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú.
Caidrimh dhrochídeacha agus fhoréigneacha	2.5 sainaithin agus machnamh a dhéanamh ar na comharthaí coiteanna de chaidrimh mhí-úsáide, lena n-áirítear smacht comhéigneach 2.6 iniúchadh a dhéanamh ar na príomhchúiseanna agus ar na hiarmhairtí d'fhoréigean baile, gnéasach agus foréigean bunaithe ar inscne (DSGBV), agus solas a chaitheamh ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí atá ar fáil, agus na cosaintí faoi dlí 2.7 iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na pornagrafaíochta ar dhearcthaí, ar iompair agus ar ionchais chaidrimh agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine ar imir an phornagrafaíocht tionchar orthu 2.8 plé a dhéanamh ar dhrochíde ar bhonn íomhánna, ar chiapadh gnéis, ar ionsaí gnéis agus ar éigniú agus ar an méid atá le déanamh agus cén chaoi chun tacaíocht a lorg má dhéantar aon cheann acu seo ar an scoláire nó ar aon duine eile a bhfuil aithne aige air.
Sláinte Ghnéis	2.9 tuiscint a fháil ar na comhábhair de shláinte ghnéis lena n-áirítear torthúlacht ar fud an tsaolré, roghanna atáirgthe, feidhmiú gnéasach, cleachtais ghnéis níos sábháilte, freagrai féideartha ar thoircheas gan choinne, agus an chaoi chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas maidir le sláinte ghnéis.

5 nóiméad

Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí a mhapáil go torthaí foghlama CFL2 (Clár foghlama Leibhéal 2) do Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí


OCG na Sraithe Sóisearaí	
3.1	machnamh a dhéanamh ar na luachanna, iompraíochtaí agus scileanna a cabhraíonn le caidrimh a chothú, a choinneáil agus a chríochnú go measúil (cairde, teaghlach agus caidrimh rómánsúla/dhlúthphearsanta)
3.2	scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus na deacrachtaí a bhfuil taithí ag daoine óga orthu i gcaidrimh éagsúla — cairdeas, caidrimh theaghlaigh, agus caidrimh rómánsúla/ dhlúthphearsanta
3.3	comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint
3.4	tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé teorainneacha sláintiúla a leagan síos i gcaidrimh idirphearsanta agus machnamh a dhéanamh ar conas meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile
3.5	machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé aire a thabhairt dá shláinte atáirgthe
3.6	tuiscint a fháil ar gach a bhfuil i gceist le gnéasacht an duine, agus ar an gcaoi a mbraitear agus a léirítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar bhealaí éagsúla
3.7	iniúchadh a dhéanamh ar na brúnna atá ann páirt a ghlacadh i gcaidreamh gnéis agus plé leis na bealaí chun meas a léiriú ar roghanna daoine
3.8	léirthuiscint a thaispeáint ar a thábhachtaí agus atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, ó chaidrimh chomhbhácha idirphearsanta a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil
3.9	míniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach níos sláintiúla le tagairtí do mhodhanna frithghiniúnacha agus do chosaint ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna)
3.10	plé a dhéanamh ar thionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de
3.11	a léiriú conas comhairle chuí agus iontaofa, tacaíocht agus seirbhísí a bhaineann le caidrimh agus sláinte ghnéis a fháil agus a mheas.

CFL2 na Sraithe Sóisearaí Cúram Pearsanta	
Eolas ar conas a bheith sábháilte	3.27 rioscaí sábháilteachta tábhachtacha a shainaithint san ionad oibre/sa bhaile/sa phobal
	3.28 a thuiscint nuair atá sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt
	3.29 cleachtais laethúla a chuireann sábháilteacht phearsanta chun cinn a ainmniú
	3.30 cur síos a dhéanamh ar fhreagra cuí nuair a shainaithnítear riosca
Bheith feasach ar do ghnéasacht	3.31 gnáthainmneacha na ngnéasorgán a shainaithint
	3.32 cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna bhaill ghnéis na colainne
	3.33 na hathruithe fisiceacha agus mothúchánacha a tharlaíonn i gcailíní agus i mbuachaillí le linn na hógántachta a aithint
	3.34 an difríocht idir bealaí cuí agus míchuí chun mothúcháin a chur in iúl a aithint
	3.35 an difríocht idir cairdeas agus caidreamh níos dlúithe a aithint
Mothúcháin a aithint	3.36 gnáthmhothúcháin agus na focail ghaolmhara a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh orthu a shainaithint
	3.37 a bhfreagraí mothúchánacha féin ar réimse cásanna a aithint
	3.38 cur síos a dhéanamh ar bhealaí cuí chun mothúcháin a chur in iúl
	3.39 mothúcháin daoine eile a shainaithint
	3.40 freagairt ar bhealach cuí ó thaobh mothúchán de i gcás ar leith
Cinntí pearsanta a dhéanamh	3.41 príomhluachanna i saol an scoláire a liostú
	3.42 cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil nasc idir luachanna agus cinntí a dhéanamh i réimse cásanna
	3.43 liosta a dhéanamh de na rudaí agus daoine a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chinnteoireacht
	3.44 na roghanna agus iarmhairtí a bhaineann le cinneadh gearrthéarmach a bhfuiltear ar tí a dhéanamh a shainaithint
	3.45 iarmhairtí cinntí a rinneadh a fhiosrú, a fhad is atáthar á gcur i bhfeidhm agus nuair a chuirtear i gcrích iad araon


Torthaí Foghlama na Sraithe Sinsearaí a mhapáil go torthaí foghlama CFL2 (Clár foghlama Leibhéal 2) do Torthaí Foghlama na Sraithe Sinsearaí

OCG na Sraithe Sinsearaí		CFL2 na Sraithe Sinsearaí Cúram Pearsanta	
Caidrimh shláintiúla	2.1 an fheasacht agus na scileanna a theastaíonn a thaispeáint, chun caidrimh shláintiúla ar bhonn pearsanta agus ar líne a chothú, lena n-áirítear meas a bheith aige ar theorainneacha daoine eile, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil, comhráite deacracha a bhainistiú, agus coimhlint a bhainistiú agus briseadh suas a láimhseáil	Scileanna is gá chun caidrimh shláintiúla a chothú agus a choinneáil ar bun	o. a bhféiniúlacht uathúil féin a aithint agus léirthuiscint a bheith acu uirthi
	2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a dhearcthaí, a chreidimh, a luachanna agus a aitheantas agus na cinn atá ag daoine eile, tionchar a imirt ar dhinimic theaghlaigh, chairdis agus caidrimh rómánsúla		p. an raon caidreamh atá tábhachtach dóibh a fhiosrú, chomh maith le bealaí chun iad a chothú
	2.3: plé a dhéanamh ar an ngá le toiliú agus ar an tábhacht le cúram, meas, comhbhá, muinín agus comhphléisiúr laistigh de chaidreamh gnéasach.		q. na scileanna is gá le haghaidh caidrimh shláintiúla i bpearsa agus ar líne a léiriú, lena n-áirítear cumarsáid a dhéanamh go measúil, mothúcháin a bhainistiú, meas a léiriú ar theorainneacha
			r. samplaí/cásanna ina gcaitear go míchothrom le daoine nó ina n-eisítear daoine a aithint agus freagairtí fóinteacha a shainaithint
Inscne, cultúr agus noirm shóisialta	2.4 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú.	Gnéasacht	s. a bheith ar an eolas faoi cad is gníomhaíocht ghnéasach ann, i gcomhthéacs caidreamh sláintiúil measúil idir daoine fásta
			t. an gá le toiliú a thabhairt agus a fháil i gcomhthéacs gach caidrimh idirphearsanta a léirthuiscint, lena n-áirítear i gcaidreamh gnéasach idir daoine fásta
			u. bealaí chun tacú lena sláinte ghnéis a fhiosrú
Caidrimh dhrochídeacha agus fhoréigneacha	2.5 sainaithin agus machnamh a dhéanamh ar na comharthaí coiteanna de chaidrimh mhí-úsáide, lena n-áirítear smacht comhéigneach	Rioscaí nó dúshláin a aithint agus freagairt dóibh	v. áiteanna agus/nó cásanna ina mothaíonn siad agus nach mothaíonn siad sábháilte a shainaithint agus scileanna chun rioscaí a mheas agus a sheachaint a léiriú
	2.6 iniúchadh a dhéanamh ar na príomhchúiseanna agus ar na hiarmhairtí d'fhoréigean baile, gnéasach agus foréigean bunaithe ar inscne (DSGBV), agus solas a chaitheamh ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí atá ar fáil, agus na cosaintí faoi dlí		w. plé a dhéanamh ar bhealaí chun cásanna ina bhféadfaidís mothú faoi bhrú chun páirt a ghlacadh in iompraíochtaí míshláintiúla nó dochracha a bhainistiú
	2.7 iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na pornagrafaíochta ar dhearcthaí, ar iompair agus ar ionchais chaidrimh agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine ar imir an phornagrafaíocht tionchar orthu		x. bealaí ina bhféadfaidh úsáid substaintí tionchar a imirt ar shláinte fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach a shainaithint
	2.8 plé a dhéanamh ar dhrochíde ar bhonn iomhánna, ar chiapadh gnéis, ar ionsaí gnéis agus ar éigniú agus ar an méid atá le déanamh agus cén chaoi chun tacaíocht a lorg má dhéantar aon cheann acu seo ar an scoláire nó ar aon duine eile a bhfuil aithne aige air.		y. tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí, lena n-áirítear na hiarmhairtí dlí, a bhaineann le rochtain a dhéanamh ar ábhar gáirsiúil nó é a roinnt
			z. seirbhísí sláinte agus tacaíochtaí atá ar fáil go háitiúil agus ar líne a aithint agus an chaoi le rochtain a dhéanamh orthu a léiriú
Sláinte Ghnéis	2.9 tuiscint a fháil ar na comhábhair de shláinte ghnéis lena n-áirítear torthúlacht ar fud an tsaolré, roghanna atáirgthe, feidhmiú gnéasach, cleachtais ghnéis níos sábháilte, freagraí féideartha ar thoircheas gan choinne, agus an chaoi chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas maidir le sláinte ghnéis.		

An cur chuige forbraíochta



Toiliú trí chur chuige forbraíochta



Topaic 3 – Tadhaill

Sna ceachtanna seo, tugtar an deis do pháistí tadhaill chuí a phlé agus an rud is tadhall cuí ann a mheas. Múintear go sainráite dóibh faoi thadhall mí-oiriúnach agus cuidítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine a gcorp a thadhall ar bhealach a chuireann imní orthu nó a fhágann ag mothú neamhshábháilte iad

TF 3.8

Léirthuiscint a thaispeáint ar a thábhachtaí agus atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, ó chaidrimh chomhbhácha idirphearsanta a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil

TF 2.3

Plé a dhéanamh ar an ngá le toiliú agus ar an tábhacht le cúram, meas, comhbhá, muinín agus comhphléisiúr laistigh de chaidreamh gnéasach.

Torthaí Foghlama a mhapáil leis an gcur chuige forbraíochta

Bain úsáid as torthaí foghlama na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí chun samplaí den chur chuige forbraíochta a aithint



15 nóiméad

Samplaí breise den chur chuige forbraíochta

An tSraith Shóisearach	Torthaí na Sraithe Sinsearaí a Bhaineann leis	An Cineál Dul chun cinn
3.3 Comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint	**2.5** sainaithin agus machnamh a dhéanamh ar na comharthaí coiteanna de chaidrimh mhí-úsáide, lena n-áirítear smacht comhéigneach **2.6** iniúchadh a dhéanamh ar na príomhchúiseanna agus ar na hiarmhairtí d'fhoréigean baile, gnéasach agus foréigean bunaithe ar inscne (DSGBV), agus solas a chaitheamh ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí atá ar fáil, agus na cosaintí faoi dlí	Déanann sé dul chun cinn ó thuiscint tréithe caidrimh sláintiúil/neamhshláintiúil go caidrimh ionsaitheacha agus foréigneacha agus ag cur chun cinn iompar cuardaigh-chabhrach má tá tionchar ag DSGVB air.
3.10 Plé a dhéanamh ar thionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de	**2.4** Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú. **2.7** iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na pornagrafaíochta ar dhearcthaí, ar iompair agus ar ionchais chaidrimh agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine ar imir an phornagrafaíocht tionchar orthu	Déanann dul chun cinn ar mheasúnú criticiúil ar na meáin agus ar éifeachtaí na pornagraf ar mheon, agus ar mhothaíocht na dtacaíochtaí dóibh siúd atá buailte ag na héifeachtaí sin.

Athmhacnamh

Roghnaigh agus comhlánaigh ceann de na habairtíní seo a leanas:



- An rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé (ná) ...
- An rud ar bhain mé taitneamh as (ná) ...
- An rud a chuir iontas orm (ná) ...
- An rud nua a d'fhoghlaim mé (ná) ...
- An rud a chuir ag machnamh mé (ná) ...

15 nóiméad



Seisiún 2

Ón spás slán go spás cróga



CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide


I gcaitheamh lá a haon den EFG seo:

beidh rannpháirtithe i mbun cuimhneamh ar fhios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta


pléifidh siad ‘ag bogadh ó spás slán go spás cróga’

féachfaidh siad ar an struchtúr is gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach

Fócas an tseisiúin seo



Gníomhaíocht



Spás Cróga a chur ar bun



Bunrialacha a shocrú




Comhrá a éascú



Athmhacnamh a spreagadh


Zón múscailte barrmhaitheasa



Zón múscailte barrmhaitheasa

Cad iad na huirlisí is féidir leat a úsáid chun do zón múscailte barrmhaitheasa a leathnú?

Cad iad na huirlisí ar féidir leo tacú le do scoláirí chun a zón múscailte barrmhaitheasa a leathnú?




DRCC resource: Window of Tolerance (2021)

Tuairim múinteora ar OCG

Conas is féidir leat ullmhú chun OCG a mhúineadh?

An bhfuil topaicí OCG ar bith ba dheacair leat a mhúineadh?

Conas a spreagtar daoine chun cumarsáid mheasúil a úsáid sa seomra ranga OCG?



Cad é an chomhairle a thabharfá do mhúinteoirí a bhfuil beag taithí acu ar OCG a mhúineadh?

Tuairim múinteora ar OCG



An féidir leat gnéithe de spás cróga a aithint san fhíseán?

3 nóiméad

Cad a chuireann isteach ort? Freagraí



Smaoinigh- Péireáil-Roinn

Cad é an fáth is dóigh leat a dteastódh spás cróga?

Ag freagairt do cheisteanna scoláirí



Conas a spreagann scoláirí faoi láthair chun ceisteanna a roinnt in OSPS/OCG?

Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun freagra a thabhairt do cheisteanna scoláirí?

Dea-chleachtas maidir le freagra a thabhairt do cheisteanna scoláirí

Ceisteanna a bhailiú tús topaice

Am a chur i leataobh chun cuimhneamh ar fhreagraí

Meabhrú nach saineolaí thú a thabhairt do scoláirí

Tuin neodrach neamhbhreithiúnach

Tacaíocht a lorg ar chomhghleacaithe

Tús a chur le doiciméad Ceisteanna agus freagraí comhroinnte mar rannóg



CNCM: Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha



Ag Ullmhú don Teagasc

1

Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha

Tasc dúshlánach atá i gceist le OSPS/OCG a theagasc, agus beidh ceisteanna agus ábhair mar chuid de a bhféadfadh go mbeifeá compordach nó míchompordach á bplé. Tarlaíonn sé i gcás gach oideora go mbíonn siad ag plé le hábhair íogaire agus chonspóideacha sa seomra ranga agus is mó an seans go dtarlóidh sé sin i gcás OSPS/OCG mar gheall ar nádúr na n-ábhar a ndéantar iniúchadh orthu agus an tábhacht phearsanta a bhaineann leo.

Is féidir leis na huaireanta dúshlánacha sin bheith ina ndeiseanna foghlama mar go n-iarrtar ar an scoláire smaoineamh ní hamháin faoina chuid tuairimí, ach freisin faoina chuid luachanna, creideamh agus a cruinneshamhlacha. Níor cheart ábhar a sheachaint ar an gcúis gur ábhar íogair é ach is gá é a éascú go cúramach. Seo a leanas moltaí a chabhróidh leis an múinteoir **ullmhú i gcomhair na gcásanna sin agus déileáil leo**.

Cuir na rúin foghlama in iúl

Chun ullmhú i gcomhair gach ceachta, bí soiléir maidir leis an rún foghlama agus cén fhoghlaim atá tú ag iarraidh a bhaint amach leis an scoláire. Roinn an rún foghlama leis an scoláire agus tabhair cuireadh dó smaoineamh faoin méid a d'fhéadfadh sé a thabhairt chuig an bhfoghlaim seo. Tríd an scoláire a chur ar an eolas faoi chuspóir gach ranga cuirfidh sé ar do chumas freisin an fhoghlaim a choimeád ar an mbóthar ceart agus í dirithe ar spriocanna soiléire.

Déan iompar a eiseamláiriú

Is féidir le scoláire go leor a fhoghlaim ó iompraíocht an mhúinteora, mar sin is tábhachtach na cineálacha iompraíochta a eiseamláiriú a bhfuil tú ag iarraidh a fhorbairt i do rang; Éist go measúil le gach scoláire agus dearbhaigh an ceart atá acu chun a gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl ar bhealach measúil; Léirigh cothromaíocht agus dearcthaí difriúla go cruinn agus go cóir; Seachain ginearálú m.sh. 'tá daoine óga...' agus coimeád siar ráitis bhreithiúnais mar 'ba chóir do dhaoine óga...'rudaí a chuirfidh deireadh leis an bplé i gcónaí agus arb é an toradh a bheidh orthu ná go ndéanfaidh an scoláire an rud a mheasann sé go bhfuil tú ag iarraidh a chloisteáil seachas an rud a mheasann nó a mhothaíonn sé i ndáiríre. Seachain dul i mbun argóna le scoláire nó grúpa scoláirí. Agus scaoil rudaí tharat! Bain úsáid as an ngreann chun rudaí a mhaolú ach seachain scéal grinn a dhíriú ar dhuine nó ghrúpa.

Bíodh do chuid spreagthaí agus teorainneacha féin ar eolas agat

Bíodh do chuid spreagthaí agus teorainneacha féin ar eolas agat agus tú ag éascú comhráite faoi ábhair áirithe. D'fhéadfadh gur cuí uaireanta iad sin a chur in iúl do do chuid scoláirí. Más gá, tarraing anáil dhomhain agus ceadaigh nóiméad ciúnais chun am a thabhairt duit le smaoineamh sula labhraíonn tú. Tá sé ceart go leor freisin d'easpa eolais féin a aithint agus cur in iúl do scoláirí gur gá duit roinnt taighde a dhéanamh agus filleadh ar an ábhar ar ball.

Bí ag súil leis an gcomhphlé

Is cabhair é freisin iarracht a dhéanamh bheith ag súil lena bhféadfadh an scoláire a rá le linn comhphlé faoi ábhar. Trí smaoineamh roimh ré ar na tuairimí agus na dearcthaí difriúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn faoi ábhar áirithe beidh sé níos éasca duit freagairt go cuí do na ceisteanna agus na dearcthaí sin agus bheith réidh le mí-eolas, steiréitíopaí nó dearcthaí mífholláine a cheistiú go séimh.

Topaicí ábhartha eile

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama


Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?

Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach

www.curriculumonline.ie

NCCA



Ag Ullmhú don Teagasc

2

Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha

Faigh amach cén t-eolas agus cén smaointe atá ag scoláirí faoi ábhar sula dtosaítear comhphlé

Faigh amach cén t-eolas atá acu faoi ábhar, cén t-eolas a mheasann siad a bheith acu ach nach bhfuil siad cinnte faoi, cá háit as a dtagann a gcuid eolais, agus cén ceisteanna ar dóigh go mbeidh siad acu. Is féidir é sin a dhéanamh trí shuirbhéanna anaithnide, bosca ceisteanna, tobsmaointeoireacht, KWL, etc.

Déan an plé a dhíphearsantú

Is féidir é sin a dhéanamh tríd an tríú pearsa a úsáid. Mar sin, mar shampla, Cad a cheapfadh nó a déarfadh duine ar comhaois leatsa faoi...? Nó 'Céard iad na cúiseanna a d'fhéadfadh go mothódh daoine óga faoi bhrú...? seachas fiafraí 'cad a mheasann tusa?' Cén saghas brú a mhothaíonn tusa? Má léiríonn scoláire tuairim nó dearcadh a bheadh breithiúnach nó mishláintiúil, déan iarracht é a leathnú agus iniúchadh a dhéanamh d'fhonn féachaint an tuairim choitianta í sin sa tsochaí. Fágann sé sin go mbíonn an comhphlé níos ginearálta gan díriú isteach ar an scoláire a léirigh an tuairim nó an dearcadh.

Téigh i muinín dhea-chroí an scoláire

Nuair atá buneolas á thabhairt faoi ábhar a d'fhéadfadh éirí conspóideach, téigh i muinín dea-chroí an scoláire trí mheabhrú dóibh go bhféadfadh go ngoillfí ar a gcuid comhscoláirí nó go gcuirfí náire orthu dá ndéanfaí tráchta pearsanta nó gan smaoineamh. Ní bhíonn sé de rún ag an gcuid is mó de scoláirí goilleadh ar dhaoine eile. Is cabhair é freisin meabhrú don scoláire ag tús gach ranga faoin gconradh grúpa/faoi na bunrialacha ar aontaigh siad orthu. Déan cinnte go gcloíonn tusa, an múinteoir, leis na rialacha sin freisin!

Spreag rannpháirtíocht

Spreag rannpháirtíocht an scoláire ón tús, agus tosaítear sin trí dhul i gcomhairle leo go rialta faoinar gá dóibh a fhoghlaim in OSPS/OCG. Cé gur cheart go mbeadh an rang OSPS/OCG mar áit shábháilte don scoláire inar féidir leis ábhair atá tábhachtach ina shaol féin a phlé, ní féidir rannpháirtíocht a bhrú riamh. Is tábhachtach a aithint go bhféadfadh go mbeadh an scoláire ag iarraidh páirt a ghlacadh i roinnt gníomhaíochtaí díreach trí éisteacht agus bhreathnú.

Tar ar bhealach le clabhsúr a chur le comhphlé

Déan cinnte go gcuirtear clabhsúr le plé le híogaireacht do na mothúcháin a d'fhéadfadh gur músclaíodh iad. Is tábhachtach freisin seiceáil isteach go rialta leis an scoláire faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leis sa rang. Inis don scoláire go mbeidh tú ar fáil tar éis an ranga chun labhairt faoi rud ar bith a tháinig anios sa rang. Ba cheart liosta a chur ar fáil freisin faoi na tacaí atá ar fáil dóibh sa scoil agus sa phobal níos leithne. Sa deireadh, déan cinnte seiceáil isteach leat féin freisin agus tacaíocht a thabhairt duit féin nó tacaíocht a lorg chun cabhrú le haon ábhair imní a láimhseáil.

Acmhainní úsáideacha eile:

Le haghaidh **eolas faoi fhéinchúram** féach ar https://jigsaw.ie/school-staff-wellbeing-and-self-care/

Tackling Controversial Issues in the Citizenship Classroom, CDVEC, 2012 http://www.ubuntu.ie/media/controversial-issues.pdf

Teaching Controversial Issues, Oxfam, 2018, Teaching Controversial Issues (openrepository.com)

www.curriculumonline.ie

NCCA

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht i nGrúpaí: Ag freagairt do cheisteanna scoláirí

Conas a thabarfadh sibh freagra ar na ceisteanna a luaitear libh?



10 nóimeád

Gníomhaíocht i nGrúpaí: Roithleán Ró



Beidh deis ann anois féachaint ar fhreagraí ó ghrúpaí eile agus cur leo.

15 nóiméad

Comhráite measúla cróga a éascú.


Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun comhráite measúla cróga a éascú i do seomra ranga OSPS?



Cad is ceistiúchán Sócraitéach?

Chreid Sócraitéas, ar fhealsamh Gréagach luath agus múinteoir é, gur chuir ceistiúchán stuama eagraithe ar chumas scoláirí smaointe a mheas agus a dheimhniú go loighciúil.

Nuair a úsáidtear ceistiúchán Sócraitéach, cuireann múinteoirí smaointeoireacht neamhspleách ar ardleibhéal chun cinn ina scoláirí, rud a fhágann go ngabhann siad na smaointe chucu féin maidir lena bhfuil á fhoghlaim acu trí phlé, díospóireacht, measúnú, agus anailís ábhair.



Cén fáth a úsáidtear ceisteanna Sócratacha?

Cuirtear le smaointeoireacht chriticiúil

Ina chabhair ag scoláirí chun luachanna agus déanamh cinntí a shoiléiriú

Spreagtar plé slán, measúil topaicí íogaire

Tacaítear le forbairt scileanna sóisialta agus le forbairt mothúcháin

Samplaí de cheistiúchán Socraitéach

An féidir leat é sin a chur in iúl ar bhealach eile?

Cad a d'imreodh tionchar ar do chuid smaointeoireachta?

Cad iad na nithe atá thar ag glacadh leis?

An bhféadfá míniú breise a thabairt air sin?

Cad é an bealach a tháinig tú ar an gcreideamh sin?

Cad a déarfadh duine nach n-aontaíonn leat?

An bhfuil aon fhianaise ann a thacódh leis an tuairim sin?

Conas a bhain tú an tátal sin as?

Gníomhaíocht: Imirt ról



Sam



Rob



Síle



Louise

Bain úsáid as an gcás a leagadh ort chun ról imirt agus straitéisí ón spás cróga a chur i bhfeidhm



15 nóiméad

Machnamh

Cad atá foghlamtha agat ón Seisiún 2 a chuirfidh tú i bhfeidhm anois i do rang OSPS?



Lón





60 nóiméad

Imeacht Spreagtha: Machnamh treoraithe




Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Seisiún 3

Pleanáil le haghaidh OCG



CC BY NC

I gcaitheamh lá a haon den EFG seo:

beidh rannpháirtithe i mbun cuimhneamh ar fhios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta

pléifidh siad ‘ag bogadh ó spás slán go spás cróga’

féachfaidh siad ar an struchtúr is gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach

Fócas an tseisiúin seo

Féachaint ar an struchtúr is gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach


- Aonad foghlama a dhéanamh i gcomhar le chéile
- Cíoradh a dhéanamh ar acmhainní chun tacú le pleanáil le haghaidh OCG
- Díriú ar an struchtúr agus gnéithe de cheacht éifeachtach

Aonad foghlama a chruthú



1. Do thoradh foghlama sonraithe a cheangal de théama aitheanta

2. Agus scoláirí sa 5ú bliain san áireamh, líon na codanna sa teimpléad aonaid foghlama a bhaineann leis na torthaí foghlama agus leis an bpríomhfoghlaim.



15 nóiméad

Fáil ar acmhainní chun tacú le pleanáil



Ag Ullmhú don Teagasc



OSPS a Theagasc



Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG


An tSraith Shóisearach

An tSraith Shinsearach


Uirlisí úsáide OSPS/OCG


Treoir breise a bhaineann le torthaí foghlama ar leith


T.F na Sraithe Sóisearaí		T.F na Sraithe Sinsearaí	
3.6	**Caidrimh agus gnéasacht**	1.1	**Sláinte agus Folláine**
3.8		1.3	
3.10		2.3	**Caidrimh agus Gnéasacht**
4.1	**Folláine mhothúchánach**	2.4	
4.2		2.6	
4.3		2.7	
4.4		2.8	
Litearthacht sláinte (2.10, 3.11, 4.9)		2.9	
		3.6	**Teacht in Inmhe**




Tacaíocht ranga ón ROÓ










Aonad foghlama a chruthú

1. Bain úsáid as an bhfoireann uirlisí agus na doiciméid a thugann a thuilleadh eolais agus aithin acmhainní ábhartha a bheadh oiriúnach i gcomhair d'aonad foghlama.

2.An bhfuil acmhainní ar bith atá inoiriúnaithe/oiriúnach i gcomhair foghlaimeoirí CFL2 (Clár foghlama Leibhéal 2)?



10 nóiméad

Oide

Gníomhaíocht fócais

Ceisteanna dea-phleanáilte

Pleanáil


Cad iad na gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach?



Measúnaíocht

Acmhainní ábhartha

Gníomhaíocht mata boird



1. Ó thaobh struchtúr ceachta de, cad iad na comharthaí sóirt de thús éifeachtach?
2. Cad é an chuma atá ar fhorbairt éifeachtach foghlama?
3. Conas is féidir é a chur ar chumas scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim / a bhfoghlaim a chur i bhfeidhm?
4. Conas is féidir le scoláirí a bhfoghlaim a léiriú?

20 nóiméad

Aiseolas

Cad iad na comharthaí sóirt de thús éifeachtach?

Cad é an chuma atá ar fhorbairt éifeachtach foghlama?

Conas is féidir é a chur ar chumas scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim / ar a gcumas a bhfoghlaim a chur i bhfeidhm?

Conas is féidir le scoláirí a bhfoghlaim a léiriú?





Ag Ullmhú don Teagasc



OSPS a Theagasc




Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG

5 nóiméad

Eiseamláir de struchtúr taobh thiar de cheacht éifeachtach

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú



Oide

Le linn lá a hAon:

phléamar fios fátha an oideachais caidrimh agus gnéasachta

phléamar ‘ag bogadh ó spás slán go spás cróga’

d’fhéachamar ar an struchtúr is gnéithe de cheacht OCG atá éifeachtach

Machnamh



Scáthán (inmheánach): Cad é an tionchar a d’imir an t-eispéireas sin ar mo chuid smaointeoireachta?



Micreascóp (breathnú níos grinne): Conas is féidir é sin a chur i bhfeidhm?



Déshúiligh (an mórphictiúr): Cad é an tionchar a bheidh aige sin ar mo cheachtanna?

Forléargas dhá lá



Seisiún a hAon
Fios fátha an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta

Seisiún a Dó
Ón spás slán go spás cróga

Seisiún a Trí
Ceacht OCG atá éifeachtach a phleanáil

Seisiún a Ceathair:
Ag freagairt do cheisteanna scoláirí

Seisiún a Cúig
Ceacht múnlú

Seisiún a Sé
Cur Chuige i leith machnaimh agus léiriú foghlama

Tacaíochtaí

Folláine le Chéile
Wellbeing Together

SMS:
Text 'Hi' to 087 145 2056
WhatsApp:
Text 'Hi' to 087 369 0010
Freephone IRE:
1800 411 057



Oide

Go raibh maith agaibh

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

OCG a mhúineadh thar an gcontanam na hiar-bhunscoile

Lá 2

Éascaitheoir:

CC BY NC

Balla Padlet

Acmhainní & Tacaíochtaí

padlet

Forléargas dhá lá



Seisiún a hAon
Fios fátha an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta

Seisiún a Dó
Ón spás slán go spás cróga


Seisiún a Trí
Ceacht OCG atá éifeachtach a phleanáil

Seisiún a Ceathair:
Ag freagairt do cheisteanna scoláirí

Seisiún a Cúig
Ceacht múnlú

Seisiún a Sé
Cur Chuige i leith machnaimh agus léiriú foghlama

Nascanna le lá 1



Dréimire: Cad atá curtha de ar lá 1 agat?

Droichead: Cad iad na ceangail a rinne tú?

Fuinneog: Cad is soiléire a fheiceann tú anois?

Comharthaí



Comhrá



Briseadh is Breacadh



Obair i ngrúpaí



Athmhacnamh

Forléargas ar Lá 2

Oide

Seisiún 4	**Intreoirí ceachtanna** • Tacú le teorannacha an tseomra ranga • Tús a chur le cúrsaí a bhaineann le sláinte ghnéis agus le feidhmiú ghnéis • Intreoirí i gcomhair ceachtanna OSPS/OCG a phleanáil
Sos **11:00 – 11:15**	
Seisiún 5	**Múnlú ceachta** • Intreoir agus Forbairt i gcás eiseamláir de cheacht • Anailísiú ar an gCeacht • Pleanáil le haghaidh forbairt foghlama i gcás ceachtanna OSPS/OCG
Lón **13:00 – 14:00**	
Seisiún 6	**Cuir chuige maidir le hathmhachnamh agus le léiriú foghlama** • Pleanáil le haghaidh athmhachnamh i gcás ceachtanna OSPS/OCG • Measúnú i gcás OSPS/OCG • An plean ceachta a roinnt

Bristeoir Oighir : Dhá fhírinne i dteannta le bréag

1. Bíodh 2 nóiméad agat chun smaoineamh ar dhá fhírinne agus chun bréag a cheapadh maidir le do shaol. D'fhéadfadh sé a bheith simplí, mar shampla, cad as duit, an líon deirfiúracha agus deartháireacha agat, gaiscí, peataí.

2. Tá 5 cheist san iomlán ag do bhord chun an bhréag a aithint, e.g., cad iad na hainmneacha atá ar do dheirfiúracha agus dheartháireacha?

3. Tar éis don bhord an 5 cheist a chur, léireofar an bhréag dóibh.



10 nóiméad

Seisiún 4

Déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna



CC BY NC

Oide

I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

- déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna
- beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta
- beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

Fócas an tseisiúin seo

Déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

- Tacú le teorannacha an tseomra ranga
- Gníomhaíocht a úsáid chun tús a chur le cúrsaí a bhaineann le sláinte ghnéis agus le feidhmiú ghnéis
- Pleanáil an t-intreoir de cheacht OCG

Conas tús a chur le topaic nua in OCG

Intinní Foghlama a chur i láthair

Téigh ar ais go dtí an t-aontú ranga

Teacht ar réamheolas

Léarscáil teorannacha


Úsáid d'fhóin

Inghlactha laistigh den obair

Vápáil sa phasáiste

10 nóiméad

Tacú le teorannacha an tseomra ranga



Ag Ullmhú don Teagasc

1

Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

In OSPS/OCG, foghlaimíonn páistí agus daoine óga faoi nithe tábhachtacha, agus nithe dúshlánacha ar uairibh fúthu féin agus faoi dhaoine eile. Is ábhar é lena féidir mothúcháin agus freagairtí láidre, údair imní, náire agus leochaileachta a ghiniúint, i measc mothúchán eile. Is amhlaidh dá réir ar tábhachtach do gach páiste agus duine óg go mbeadh timpeallacht shábháilte acu lena gcuid ceisteanna a chomhroinnt, le foghlaim agus le bheith rannpháirteach gan a bheith aonraithe dá bharr. (UNESCO *International technical guidance on sexuality education*, 2018, lch 96)

Is féidir an meon sábháilte sin a ghnóthú ar roinnt bealaí.

Bíonn sé tábhachtach ón tús go mbeifí soiléir faoi

1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG
2. Bunrialacha faoin gcaoi a n-oibreoidh an rang le chéile
3. Cosaint leanaí.

1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG

Is bunchuid de d'obair mar mhúinteoir é cothabháil na dteorainneacha gairmiúla. Is leis na teorainneacha a mhúnlaítear ár gcaidreamh le scoláirí, lena dtuismitheoirí/gcúramóirí agus lenár gcomhghleacaithe. Níl sé i gceist le cothabháil na dteorainneacha go mbeadh do chuid caidreamh fuar nó scartha. Is féidir leat caidrimh chairdiúla agus iontaofa a fhorbairt le do scoláirí, rud ar cheart duit a dhéanamh - ach cuimhnigh nach "cara" leo thú.

Bíonn sé tábhacht don mhúinteoir go léireoidís a gcineáltas agus féith a ngrinn, agus bíonn comhroinnt eispéireas saoil éigin cuiditheach uaireanta freisin. Caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach stuama, sa chaoi nach mbraitheann tú go bhfuil tú neamhchosanta, agus nach sileann na scoláirí gurb é an chaoi ina bhfreagraíonn tú do chás an t-aon bhealach lena fhuascailt. Is daoine muid ar fad agus b'fhéidir go mbainfeadh cúrsaí lenár saol (roimhe seo nó faoi láthair) a chaithfí a choinneáil scartha ónár saothar sa seomra ranga. Is éard a bhaineann le cothabháil na dteorainneacha gairmiúla go mbeifeá ag feidhmiú i gcónaí "i ról" an mhúinteora, agus go dtugann tú cosaint do do scoláirí ó nochtadh neamhchuiditheach nó míchuí do dhúshláin phearsanta/ghairmiúla nó deacrachtaí mothúchánacha féin.

Príomhghné eile de chothabháil na dteorainneacha gairmiúla is ea feasacht faoi theorainneacha do róil mar mhúinteoir, toilteanas ar do shon gan ligean ort gur saineolaí ar gach ábhar tú agus fios a bheith agat faoin uair is ceart saineolas daoine eile a fháil (i gcás údair imní faoi chosaint leanaí san áireamh).


Ná ceap ceann scríbe do do scoláirí: Bíonn siad ar a n-aistear féin go léir agus ní féidir leat ach treoir éigin a thabhairt dóibh.

www.curriculumonline.ie

NCCA

Eiseamláir de struchtúr taobh thiar de cheacht éifeachtach


1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú



Intreoir OCG: Cúrsaí gnéis

Leis an ngníomhaíocht seo, cuirtear téama na sláinte gnéis i láthair do scoláirí

I ngrúpaí, breacaigí síos gach focal a bhfuil ar eolas agaibh ar an téarma a leagadh oraibh.



T.F na sraithe sinsearaí 2.1, 2.3, 2.4, 2.9



15 nóiméad

Intreoir OCG: Feidhmiú gnéis



NCCA

OSPS na Sraithe Sóisearaí

Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

Toradh Foghlama 2.9:	Ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta tuiscint a fháil ar na gnéithe de shláinte ghnéis, lena n áirítear torthúlacht ar fud an tsaolré, roghanna atáirgthe, feidhmiú gnéis, cleachtais ghnéis níos sábháilte, freagraí féideartha ar thoircheas neamhbheartaithe, agus an chaoi chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas maidir le sláinte ghnéis.
Réamhfhoghlaim:	Cuireann an toradh foghlama seo leis an bhfoghlaim in OSPS na Sraithe Sóisearaí agus dá bharr sin d'fhéadfadh eolas a bheith ag an scoláire ar roinnt gnéithe den tsláinte ghnéis. Cabhrófar aon athrá nach bhfuil gá leis a sheachaint má fhiosraítear an méid a d'fhoghlaim an scoláire roimhe seo.

Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is éard atá i gceist le sláinte mhaith ghnéis ná a chinntiú go bhfuil an t eolas, na scileanna agus an cumas ionat roghanna gnéis a dhéanamh bunaithe ar eolas, agus gníomhú go freagrach chun do shláinte féin a chosaint, chomh maith le sláinte na ndaoine eile i rith do shaoil. Tá réimse ábhar i dToradh Foghlama 2.9 agus is iad seo a leanas na hionchais foghlama:

- **Torthúlacht ar fud an tsaolré** – in OSPS na Sraithe Sóisearaí d'fhoghlaim an scoláire faoi na hathruithe fisiciúla a tharlaíonn le linn caithreachais chomh maith le sláinte mhíosta agus mhagarlach. Sa tsraith shinsearach, tá sé i gceist cur leis an bhfoghlaim sin, ionas go mbíonn tuiscint ag an scoláire ar roinnt ceisteanna a bhaineann le torthúlacht an duine agus an chaoi a mbíonn sé ina buaic agus ag meath le linn an tsaolré. Áirítear leis sin tuiscint bhunúsach ar an meanapás agus ar laghdú torthúlachta na bhfear de réir aoise.
- **Roghanna atáirgthe** – d'fhoghlaim an scoláire faoi na catagóirí difriúla frithghiniúna in OSPS na Sraithe Sóisearaí (Féach OCG 2 gníomhaíocht 10 OCG 3 gníomhaíocht 6). Bíonn gá le súil siar a chaitheamh ar an ngné eolais sa tsraith shinsearach, agus níos mó béime a leagan ar na cúinsí a mbíonn tionchar acu ar an úsáid sheasmhach, cheart.
- **Feidhmiú gnéis** – baineann feidhmiú gnéis leis an gcaoi a bhfreagraíonn an corp ag céimeanna difriúla den timthriall freagartha gnéis - mian chollaí, macnas, léibheann agus sónás. Sa tsraith shinsearach, díritear ar thuiscint a chur chun cinn maidir leis na difríochtaí idir fiseolaíocht na mban agus na bhfear agus sa fhreagairt ghnéis, chomh maith le tuiscint go mbaineann gné fhisiciúil agus shíceolaíoch/mhothúchánach leis an bhfeidhmiú gnéis chomh maith. Ní mór an féinphléisiúr agus an ghlacaireacht a lua mar ghnáthghné shláintiúil den fhorbairt ghnéis atá tábhachtach ar chúiseanna éagsúla freisin, chun tuiscint a fháil ar do chorp féin agus ar do mhianta féin, ionas gur féidir eispéiris ghnéis thaitneamhacha a roinnt amach anseo.
- **Cleachtais ghnéis níos sábháilte** – is éard a thuigtear le gníomhaíocht ghnéis níos sábháilte ná, go bunúsach, teagmháil ghnéis chomhthola nach gcuireann duine i mbaol ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) a fháil nó toircheas neamhbheartaithe (Féach OCG 3 gníomhaíochtaí 6, 7, 8). I gcomhthéacs OSPS na Sraithe Sinsearaí, ní mór súil siar a chaitheamh ar an méid a foghlaimíodh go dtí seo agus cur leis an bplé chun smaoineamh ar chúinsí eile, a chuireann leis an tsábháilteacht mhothúchánach agus fhisiciúil araon (mar shampla, bheith i gcaidreamh iontaobhach, mothú go bhfuil duine ag tabhairt aire duit agus an cumas toiliú iomlán a thabhairt).
- **Freagraí féideartha ar thoircheas neamhbheartaithe** – ba cheart na roghanna agus tacaíochtaí atá ar fáil chun dul i ngleic le toircheas neamhbheartaithe a roinnt leis an scoláire ar bhealach firiciúil, neamhbhreithiúnach. Níl sé oiriúnach plé a dhéanamh ar na roghanna toisc gur ceist thar a bheith íogair í seo agus d'fhéadfadh creideamh pearsanta agus luachanna láidre a bheith ag an scoláire i leith an ábhair seo. (Féach Unplanned pregnancy - My Options HSE.ie)
- **Fios a bheith agat conas rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíocht maidir le sláinte ghnéis** – cé nach mbíonn formhór na ndaoine óga gníomhach go gnéasach sula bhfágann siad an scoil, ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi na háiteanna is féidir leo faisnéis sláinte ghnéis atá oiriúnach iontaofa a fháil sula mbíonn siad gníomhach go gnéasach. Má tá ionad sláinte gnéis sa cheantar, ní mór an scoláire a chur ar an eolas maidir leis sin, agus d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do ghairmí sláinte gnéis ón ionad teacht chun labhairt leis an rang faoi na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

1

T.F na sraithe sinsearaí 2.9

Aontaím

Ní Aontaím

10 nóiméad

Intreoir OCG: Feidhmiú gnéis


T.F na sraithe sinsearaí 2.9

- Tá a bhformhór de dhaoine sásta caint ar ghlacaireacht
- Ní thiocfaidh STIanna (ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha) ort má dhéanann tú glacaireacht i d'aonair
- Ní dhéanann mná glacaireacht
- Ba cheart do dhaoine lánchead a bheith acu chun a gcinntí féin a dhéanamh maidir le glacaireacht
- Is féidir le duine foghlaim faoina chorp féin trí ghlacaireacht



10 nóiméad

Is é do sheal anois é



Le déanamh

1. Aithin téama
2. Aithin torthaí foghlama
3. Roghnaigh intreoir éifeachtach
4. Cuir foghlaimeoirí L1CF/L2CF san áireamh

15 nóiméad

Oide

An rud a chuimneoidh mé ón seisiún seo ná ...



20 nóiméad




Bristeoir Oighir

1. Ainmnigh 2 rud atá i bpáirt agat leis an té ina atá ina shuí i d'aice. (Ní leor gur múinteoirí sibh beirt)

2. Tar le chéile ag bhur mbord arís agus pléigh pé nithe a bhí i bpáirt ag a chéile.

3. Aimsigh rud amháin a bhí i bpáirt ag gach duine ag an mbord lena chéile.



10 nóiméad

Seisiún 5

Pléigí go gníomhach le tabhairt isteach agus forbairt cheachta




CC BY NC

Oide

I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

- déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna
- beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta
- beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

Fócas an tseisiúin seo



Comharthaí sóirt i gcomhair múnlú ceachta

Oide

An ceacht a léiriú





An ceacht a éascú

Staidéar Cáis Scoile

Ceapadh an ceacht 5ú bliain le haghaidh iar-bhunscoil chomhoideachais mhór uirbeach. Tá réimse cumais i measc scoláirí an ranga agus tá an Idirbhliain curtha i gcrích ag gach scoláire. Tá éagsúlacht sa daonra scoile, rud a léiríonn an réimse leathan cúlraí acadúla, cultúrtha, sóisialta.

Díríodh ar phríomhghnéithe OCG, lena n-áirítear rolánna inscne, toiliú, agus ról an fhianaisigh, sna ceachtanna roimhe seo a tugadh don ghrúpa 5ú bliain seo. Ceapadh an ceacht reatha mar cheacht a chuireann leis sin, a úsáideann an réamheolas agus an tuiscint a forbaraíodh i rith na sraithe sóisearaí.

Le linn an cheachta, spreagtar scoláirí chun ceangail a dhéanamh idir an fhoghlaim roimh seo agus a dtaithí féin, rud a chuireann smaointeoireacht chriticiúil agus comhbhá chun cinn.

Cuirtear béim ar thimpeallacht seomra ranga atá slán agus measúil a chruthú, áit a mbraitheann scoláirí ar a suaimhneas agus iad ag cur a dtuairimí in iúl agus ag ceistiú steiréitíopaí.

Ar an iomlán, tacaíonn an ceacht le forbairt mhothúchánach agus shóisialta scoláirí agus neartaítear na torthaí foghlama atá ina chuid den churaclam OSPS san am céanna.



Forléargas ar an gceacht

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú



Múnlú ceachta: Forléargas

Ceannteideal ceachta: Inscne agus an ról cumhachta.
An Comhthéacs: Rang 5ú bliain ina bhfuil cumas measctha.
Torthaí Foghlama:

2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a dhearcthaí, a chreidimh, a luachanna agus a aitheantas agus na cinn atá ag daoine eile, tionchar a imirt ar dhinimic theaghlaigh, chairdis agus caidrimh rómánsúla

2.4 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú.

CFL2 Cúram Pearsanta
R: samplaí/cásanna ina gcaitear go míchothrom le daoine nó ina n-eisítear daoine a aithint agus freagairtí fóinteacha a shainaithint

Treoir breise a bhaineann le toradh foghlam



NCCA

OSPS na Sraithe Sinsearaí

Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

Toradh Foghlama 2.4	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú.
Réamhfhoghlaim:	Roimh an topaic seo a phlé, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach torthaí foghlama 1.4, 1.5, 3.6 de OSPS na Sraithe Sóisearaí a athbhreithniú. Is gá freisin don scoláire bheith dulta i ngleic le torthaí foghlama gaolmhara OSPS na Sraithe Sinsearaí, go háirithe foghlaim faoi chaidrimh shláintiúla (2.1, 2.2 agus 2.3)

Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

I dToradh Foghlama 2.4, iarrtar ar an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoirmítear dearcthaí sóisialta i ndáil le hinscne agus a bhreith cé na dearcthaí atá díobhálach agus is gá a athrú. Ciallaíonn inscne na róil, na freagrachtaí, na saintréithe, na hiompair, na gníomhartha agus na buanna a mheasann sochaí ar leith atá feiliúnach do mhná agus d'fhir. Cruthaítear inscne go sóisialta agus go cultúrtha, mar sin, tá difríochtaí móra idir tuiscintí ar inscne thar chomhthéacsanna agus thar thréimhse ama.

Sa rang Staire nó Polaitíochta agus na Sochaí, b'fhéidir go mbeadh roinnt de na struchtúir agus institiúidí á scrúdú ag an scoláire a chruthaigh agus a chothaigh neamhionannais inscne sa stair, cosúil le hoideachas, an t ionad oibre, cúirteanna. D'ainneoin dul chun cinn i gcomhionannas inscne in Éirinn le blianta beaga anuas, tá go leor eispéireas de neamhionannas inscne ann go fóill. Sa toradh foghlama seo, díritear san fhoghlaim ar noirm, ionchais agus dearcthaí inscne atá ann inniu a scrúdú, agus iarraidh cé na gnéithe atá cabhrach, cé na gnéithe atá teorantach nó díobhálach agus céard is gá a athrú.

Cé go bhfaigheann mná ar fud an domhain eispéiris go díréireach ar iarmhairtí diúltacha na norm inscne sriantach agus díobhálach, ba cheart go ndíreofaí sa phlé freisin ar scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil roinnt norm inscne díobhálach d'fhir freisin. Mar shampla, léiríodh go ndearna ionchais nár cheart d'fhir mothúcháin a thaispeáint díobháil do mheabhairshláinte fear. Anuas ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inscne a bhíonn roimh mhná agus fhir, ba cheart na saincheisteanna uathúla atá roimh mhionlaigh inscne cosúil le daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha a áireamh sa phlé seo.

Is é an sprioc leis an toradh foghlama seo daoine óga a chumasú chun an chaoi ar féidir le léirithe fireannachta agus banúlachta a theorannú cur isteach ar shaol daoine óga uile agus neamhionannais inscne a bhuanú.

Cuir chuige atá le meas i gcás ina bhfuiltear ag teagasc faoi inscne:


- D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tosú trí mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le comhionannas inscne agus samplaí de dhearcthaí inscne dearfacha agus leathana inniu roimh phlé a dhéanamh ar an méid atá le baint amach fós.
- Tá sé tábhachtach daoine óga a chur i ngleic le fianaise agus taighde maidir le róil, ionchais agus dearcthaí inscne, agus an tionchar a bhíonn acu, chun tábhacht na ceiste a chur in iúl, roimh réitigh a fhiosrú. (Féach rannóg acmhainní OSPS d'uirlisí úsáide CNCM chun naisc chuig an taighde a fháil)
- Mínigh coincheap an trasnachais agus spreag daoine óga chun lionsa trasnachais a ghlacadh trí iarraidh orthu féin conas a bhíonn eispéiris daoine éagsúil le haitheantais éagsúla fhorluiteacha m.sh., eitneachtaí, cumais, cúlraí eacnamaíocha, claontaí gnéis éagsúla.

1

Múnlú ceachta: Forléargas

Naisc le Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí

3.3 Comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint



1.5 Machnamh a dhéanamh ar chothroime inscne agus an tionchar a imríonn steiréitíopaí inscne ar céard a bhítear ag súil, ar iompraíocht agus ar chaidrimh

CFL2SS Cúram Pearsanta
3.34 an difríocht idir bealaí cuí agus míchuí chun mothúcháin a chur in iúl a aithint

Intreoir: Intinní Foghlama

An tslí a n-imríonn tuairimí, creidimh, agus luachanna i dtaobh inscne tionchar ar ár gcaidrimh a aithint.

Aithin conas is féidir le dearcais díobhálacha sa tsochaí cur le cáineadh ar íospartaigh agus conas na dearcais seo a chur in aghaidh

Intreoir: Have a Word (Labhair go beo)




2 nóiméad

(The Office of the Mayor of London, 2023)

Forbairt foghlama:
A bheith de phribhléid is de chumhacht






Youth Work Ireland, Stand UPP, Speak Out, 2022.

20 nóiméad


Forbairt foghlama:
A bheith de phribhléid is de chumhacht


- An éisteann daoine leat?
- An bhfuil meas ort i do phobal áitiúil?
- An bhfuil tú in ann do bhillí a íoc in am i gcónaí?
- An mbeadh sé furasta agat post a fháil?
- An mbraitheann tú sábháilte san áit ina bhfuil tú i do chónaí?
- An féidir leat dul go dtí na Gardaí agus gan an imní a bheith ort a bheith i mbaol do ghabhála nó i mbaol foréigin?
- An bhféadfá do pháirtí a fhágáil má dhéanann sé/sí bagairt ar do shábháilteacht?
- An bhféadfá siúl síos an tsráid istoíche agus gan imní d'éignithe a bheith ort?





Forbairt foghlama:
Áiteanna níos ionchuimsithí ar mhaithe linn féin a chruthú





25 nóiméad

orbairt foghlama: An milleán á chur ar íobartaigh a thint agus freagra a thabhairt air



Ar fhéachaint ar an bhfíseán duit, liostaigh ar leathanach 13 roinnt de na slite a cuirtear milleán dá bhás féin ar James

(Blue Seat Studios, 2016)




2 nóiméad 30 soicind

orbairt foghlama: An milleán á chur ar íobartaigh aithint agus freagra a thabhairt air

Cúiseanna a dúnmharaíodh James	Ráitis Fhrithráiteacha
Bhí geansaí v-mhuiníl á chaitheamh aige	Is cuma an rud a chaitheann tú

7 nóiméad


Anailísiú ar an gCeacht

Intreoir: Have a Word (Labhair go beo)	Forbairt foghlama: A bheith de phribhléid is de chumhacht agat	Forbairt foghlama: Áiteanna níos ionchuimsithí ar mhaithe linn féin a chruthú	Forbairt foghlama: Tá James básaithe.
			

15 nóiméad

Machnamh

- **Cad** atá foghlamtha agat?
- **Nach cuma**, cad é an tábhacht atá leis?
- **Más ea**, cad iad na hathruithe a gcuirfidh tú i bhfeidhm dá bharr?



Lón





60 nóiméad

Spreagthóir

Cén ceann thú inniu?



Seisiún 6

Cuir chuige maidir le hathmhachnamh agus le léiriú foghlama



CC BY NC

Oide

I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

- déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna
- beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta
- beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

Fócas an tseisiúin seo

Beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

- Athmhachnamh i gcás OSPS/OCG
- Pleanáil le haghaidh measúnú
- An plean ceachta a roinnt

Comharthaí sóirt i gcomhair múnlú ceachta

Oide

An ceacht a léiriú





An ceacht a éascú

Pleanáil: forbairt ceachtanna


Líon an chuid d en plean ceachta a bhaineann le forbairt foghlama. Coiméad an méid seo a leanas san áireamh:

An oireann sé d'fhoghlaimeoirí éagsúla?

An bhfuil baint aige le taithí saoil daoine óga?

Cad iad na ceisteanna a iarrfaidh tú chun smaointeoireacht chriticiúil comhbhá a mhúscailt i scoláirí?


An bhfuil sé aois oiriúnach agus oiriúnach dá gcéim forbartha?



15 nóiméad

Machnamh

Díríonn an ghné thrasghearrtha seo ar an scoláire ag déanamh machnamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus ag teacht ar a léargas agus a chonclúidí pearsanta féin mar fhreagairt ar a fhoghlaim. Cuireann sí ar chumas an scoláire cuimhneamh ar an gcaoi ar féidir leis an bhfoghlaim eolas a chur ar fáil dá chuid roghanna, iompair agus caidreamh, agus ag déanamh amach cén bhaint atá ag an bhfoghlaim lena shaol anois agus amach anseo.
Sonraíocht OSPS na sraithe sóisearaí lch12



Conas a áirítear deiseanna athmhachnaimh i do cheacht OSPS faoi láthair?

Tacaí Athmhacnaimh don OSPS

padlet





Tacaí Athmhachnaimh don OSPS

Oide

3-2-1
3 rud a d'fhoghlaim tú
2 dhá a bhí suimiúil
1 cheist atá agat

Achoimrí A-B-C
Tugtar litir ar leith den aibítir do gach scoláire sa rang, agus is gá dóibh focal a roghnú a bhfuil an litir sin mar thús aige agus a bhaineann leis an topaic atá á plé.

Athmhachnamh i gCiorcal
Téann na scoláirí isteach i gciorcal sa seomra agus comhroinneann gach duine aon léargas nó rud a d'fhoghlaim siad ón cheacht.

NNC
Naisc: Cad é mar a bhaineann an ceacht le réamheolas, le hábhar eile nó leis an saol mar atá?
Foghlaim nua: Rud éigin nua a d'fhoghlaim nó a thuig siad níos fearr.
Ceisteanna: Cad é an rud a bhfuil siad go fóill in amhras faoi nó ba mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoi?

Ticéad Imeachta
Freagraíonn na scoláirí do leid amhail "Rud amháin a d'fhoghlaim mé inniu ná..." nó "Ceist amháin atá agam go fóill ná..." agus cuireann siad é ar an mballa nó i mbosca agus iad ag imeacht ón seomra.

Scáthán, Micreascóp agus Déshúiligh
Sraith ceisteanna atá sa ghníomhaíocht seo a chuidíonn le scoláirí amharc orthu féin (scáthán), an t-eispéireas (micreascóp), agus an mórphictiúr (na déshúiligh). Is féidir na ceisteanna a phlé ós ard nó scríofa ar dtús go bpléitear iad ina dhiaidh sin.

An Modh CALC
Is creatlach struchtúrtha é sin don fhoghlaim ó thaithí a threoraíonn scoláirí trí phróiseas ceithre chéime: Cuspóireach, Athmhachnamhach, Léirmhínitheach agus Cinniúnach.
Cuirtear tús leis trí fhíricí a bhailiú **(Cuspóireach)**, leantar ar aghaidh chuig mothúcháin phearsanta agus freagairtí **(Athmhachnamhach)**,ansin cruthaítear ciall agus tuiscint níos doimhne **(Léirmhínitheach)**, agus sa deireadh leantar ar aghaidh chuid plean gnímh **(Cinniúnach)**.

Freagairt ar Chás
Scríobhann nó labhraíonn scoláirí faoin dóigh a mbainfeadh siad úsáid as foghlaim an lae inniu san fhíorshaol.

Moilligh agus Malartaigh
Ag deireadh an ranga, iarr ar na scoláirí cúig rud a d'fhoghlaim siad a scríobh síos (2 nóiméad)
Ansin, iarr orthu páirtí a aimsiú sa seomra. Tosaíonn scoláire amháin ar dhá nóiméad cainte maidir lena d'fhoghlaim siad sa cheacht. Agus an dá nóiméad istigh, scairt amach MOILLIGH/MALARTAIGH.
Anois bíonn an scoláire eile ag caint ar feadh dhá nóiméad ach gan cead acu aon rud a dúirt an chéad scoláire a athrá

Scéalchlár
Ag deireadh an cheachta, iarr ar scoláirí léiriú físiúil maidir leis an mhéid a bhí ar eolas acu faoin topaic roimh ré nó faoi cheist riachtanach a chruthú.
Ní mór dóibh daoine cipíneacha, pictiúir, siombailí nó amharcíomhánna eile a úsáid chun boscaí an scéalchláir a líonadh agus iad a eagrú in ord atá loighciúil agus oiriúnach.

Foinsí Abairtí
Cuidíonn Foinsí Abairtí le scoláirí maidir le hathmhachnamh.
Feidhmíonn siad mar thús abairte do na scoláirí.
Tugtar foinsí abairtí do na scoláirí ag tús an ranga.
Scríobhann na scoláirí iad agus coinníonn siad iad go deireadh an ranga.
Sampla: "Inniu, tá súil agam..."
nó "Tá mé iontach imníoch faoi..."
Is féidir le scoláirí dul ar ais chuig na foinsí ag deireadh an ranga chun iad a fhorbairt a thuilleadh.

Cas chun Caint
Míníonn scoláirí na príomhrudaí a d'fhoghlaim siad sa cheacht do pháirtí ina bhfocail féin.

Córas Soilse Tráchta
Glas: Anois mothaím níos muiníní faoi...
Buí: Tá tuilleadh eolais de dhíth orm maidir le...
Dearg: Níl mé cinnte faoi...

Líne Luachála
Déanann scoláirí luacháil ar cé chomh láidir is a aontaíonn siad le ráiteas a bhaineann leis an gceacht agus déanann siad machnamh gairid ar an rogha.

Cad é?
Agus cad é...?
Cad é anois?
Éascaíonn an próiseas seo anailís chriticiúil de chás nó d'eispéireas ar leith. Tugann sé seans don scoláire tuiscint a bheith acu agus na céimeanna tosaigh a ghlacadh chun plean gnímh a fhorbairt chun tabhairt faoin fhadhb.

Tá deiseanna ilchineálacha i gcomhair athmhachnamh i seomraí ranga OSPS. Ceapadh an doiciméad seo ar son athmhachnamh sa seomra ranga OSPS. Ní liosta iomlán é sin

CNCM, Scolairí ag machnamh ar a gcuid foghlama 2015

CALC: an modh foghlaim ó thaithí

1. Cad iad na príomh thopaicí a phléamar sa cheacht seo?

2. Cad iad na fíricí is tábhachtaí?

3. Cad a chuir iontas ort?

4. Cad a d'ardaigh ceisteanna faoi do chuid smaointeoireachta?

5. Cad iad na himpleachtaí [i gcomhair an ranga / an duine]?

6. Cad iad na fíricí is tábhachtaí?

7. Cad é an chéad chéim eile?

8. Cathain a rachaidh tú i mbun oibre air?

Léiriú foghlama
Measúnú: príomhthasc

Chruthaigh mé cur i láthair gearr inar léirigh mé an chaoi a mbíonn dearcthaí dearfacha agus dochracha maidir le hinscne le feiceáil sna meáin.

Snáithe 2 - *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna*



Léiriú foghlama
Measúnú: teanga a chuireann an milleán ar íospartaigh



Samplaí

Ainmnithe: Fear a cúisíodh as éigniú ~~a bhuail duine san aghaidh i gclub oíche~~) agus as ionsaí mná

Gabhadh fear ar 21 chúis tar éis an ~~tóin a thitim as coinne~~ a cuireadh ina leith gur éignigh, ghread, thacht, agus robáil sé bean.

Léiriú foghlama
Measúnú: Feachtas #FixedIt



#FixedIt

Re write the headline to eliminate any victim-blaming language

"WOMAN WHO 'GRABBED GARDA'S CROTCH' AFTER SHE WAS ARRESTED FOR DRINK DRIVING FINE"

WHO IS BEING BLAMED?	RE WRITE THE HEADLINE:
WHAT WORDS/PHRASES INDICATE BLAME?	

"'BRILLIANT ACADEMIC' JAILED FOR MORE THAN FIVE YEARS FOR RAPE"

WHO IS BEING BLAMED?	RE WRITE THE HEADLINE:
WHAT WORDS/PHRASES INDICATE BLAME?	

Oibrígí i ngrúpaí agus athscríobh na ceannlínte ar leathanach 18 le teanga a chuireann an milleán ar íobartaigh a bhaint agus iad a réiteach.

5 nóiméad

Measúnú í OSPS

Sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí

" A chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire."

"I measúnú OSPS na sraithe sóisearaí, déanfar optamú ar an deis a bheidh ag an scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina gcuid foghlama féin, agus beidh an deis ag múinteoirí tacú leis sin."

Sonraíocht OSPS na sraithe sinsearaí 2023 lch.18



Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí

"Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint."


"tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil."


Sonraíocht OSPS na sraithe sinsearaí 2024 lch.17

Anailísiú ar an gCeacht

Machnamh: An modh CALC	Léiriú foghlama: Príomhthasc	Léiriú foghlama: #FixedIt







10 nóiméad

Pleanáil: cur le do plean ceachta

Obair ar do phlean ceachta arís agus cuir gníomhaíocht athmhachnaimh leis mar aon le straitéis mheasúnaithe a thacóidh le foghlaim scoláirí.



10 nóiméad

Ag roinnt do cheachta




Roghnaígí rannpháirtí ó bhur ngrúpa chun an ceacht a roinnt

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú

20 nóiméad

Modheolaíocht agus straitéisí



Oide

Le linn lá dó:

- rinneamar fiosrú agus pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna
- bhíomar ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta
- bhí eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama


Na chéad chéimeanna eile

Conas a chuirfidh tú i bhfeidhm a bhfuil foghlamtha agat:

- chun eolas a dhéanamh do do mhúinteoireacht phearsanta?
- chun eolas a dhéanamh do do chleachtas rannóige OSPS?
- chun eolas a dhéanamh do do chleachtas scoile uile OSPS/OCG?



Foirm Mheastóireachta



Oide

Go raibh maith agaibh